# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Vialto Consulting v an Coimisiún**

**(Cás T-617/17 RENV)** ([1])

***(Dliteanas neamhchonarthach – Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais – Imscrúdú ag OLAF – Seiceáil ar an láthair – Neamhrialtachtaí agus mainneachtain a líomhnaítear go ndearna an Coimisiún iad – An ceart éisteacht a fháil – Damáiste neamhábhartha – Cúisíocht)***

(2023/C 83/16)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Vialto Consulting Kft. (Búdaipeist, an Ungáir) (ionadaithe: S. Paliou agus A. Skoulikis, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: D. Triantafyllou, J. Baquero Cruz agus A. Katsimerou, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 268 CFAE, iarrann an t-iarratasóir cúiteamh i leith damáiste a mhaíonn sé a bhain dó mar thoradh ar ghníomhartha neamhdhleathacha arna ndéanamh, ar an gcéad dul síos, ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), le linn seiceáil arna déanamh ar a áitreabh, agus, ar an dara dul síos, ag an gCoimisiún Eorpach tar éis na seiceála sin.

**An chuid oibríochtúil**

1) Ordaítear don Choimisiún Eorpach cúiteamh EUR 5 000 a íoc le Vialto Consulting Kft i leith an damáiste neamhábhartha a bhain dó.

2) Déanfar an cúiteamh a bheidh le híoc le Vialto Consulting le hús mainneachtana, ó dháta ar tugadh an breithiúnas seo go dtí íocaíocht iomlán an chúitimh sin, ag an ráta arna leagan síos ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, is infheidhme le linn na tréimhse lena mbaineann, a mhéadú faoi 2 phointe céatadáin.

3) Ordaítear don Choimisiún na costais a bhaineann leis na himeachtaí achomhairc os comhair na Cúirte Breithiúnais, i gCás C-650/19 P, agus na costais a bhaineann leis na himeachtaí tosaigh, i gCás T-617/17, agus leis an nós imeachta um tharchur chun réamhrialú, i gCás T-617/17 RENV, os chomhair na Cúirte Ginearálta a íoc;

([1]) IO C 402, 27.11.2017.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Vialto Consulting v an Coimisiún**

**(Cás T-537/18)** ([1])

***(Ionstraim um chúnamh réamhaontachais – Fóirdheontais – Imscrúduithe OLAF – Pionós riaracháin – Eisiamh ó nósanna imeachta um sholáthar poiblí agus deontais a dhámhachtain arna maoiniú le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh ar feadh tréimhse dhá bhliain – Oibleagáid cúiseanna a lua – Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2185/96 – Prionsabal an dea-riaracháin – Ionchas dlisteanach – Dlínse neamhtheoranta – Comhréireacht an phionóis)***

(2023/C 83/17)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Vialto Consulting Kft. (Búdaipeist, an Ungáir) (ionadaithe: V. Christianos, A. Politis agus G. Kelepouri, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: A. Katsimerou agus R. Pethke, i gcáil Gníomhairí)

## Ábhar

Lena chaingean atá bunaithe, ar an gcéad dul síos, ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear ar neamhní an Cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 29 Meitheamh 2018 lenar eisíodh an Coimisiún é ar feadh tréimhse dhá bhliain ó rannpháirtíocht sna nósanna imeachta um sholáthar poiblí, nósanna imeachta chun deontais a dhámhachtain, nósanna imeachta maidir le hionstraimí airgeadais (de meáin infheistíochta thiomanta agus idirghabhálaithe airgeadais) agus nósanna imeachta praghsanna atá á rialú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO 2012 L 298, lch. 1), agus nósanna imeachta um dhámhachtain atá á rialú le Rialachán (AE) 2015/323 ón gComhairle an 2 Márta 2015, lena leagtar síos Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (IO 2015 L 58, lch. 17), agus lenar ordaíodh go bhfoilseofaí an t-eisiamh sin ar a shuíomh gréasáin agus, ar an taobh eile, atá bunaithe ar Airteagal 268 CFAE, iarrann sé ar chúiteamh i leith damáiste líomhnaithe a bhain dó mar thoradh ar an gcinneadh sin.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Vialto Consulting Kft. na costais a íoc.

---

([1]) IO C 427, 26.11.2018.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Landwärme v an Coimisiún**

**(Cás T-626/20)** ([1])

***(Státchabhair – Margadh do bhithghás – Díolúintí cánach lena bhfritháirítear costais bhreise táirgthe – Cinntí gan agóid a dhéanamh – Caingean le haghaidh neamhniú – Leas chun imeachtaí a thionscnamh – Inghlacthacht – Mainneachtain nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh – Deacrachtaí tromchúiseacha – Airteagal 108(2) agus (3) CFAE – Airteagal 4(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2015/1589 – Treoirlínte maidir le Státchabhair do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2014-2020 – Carnadh cabhrach – Cabhair ó roinnt Ballstát – Bithghás allmhairithe – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe – Airteagal 110 CFAE)***

(2023/C 83/18)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Landwärme GmbH (München, an Ghearmáin) (ionadaithe: J. Bonhage agus M. Frank, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: K. Blanck, A. Bouchagiar agus P. Němečková, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* Ríocht na Sualainne (ionadaithe: O. Simonsson, C. Meyer-Seitz, A. Runeskjöld, M. Salborn Hodgson, H. Shev, H. Eklinder agus R. Shahsavan Eriksson, i gcáil Gníomhairí)

## Ábhar

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear ar neamhní, ar an gcéad dul síos, Cinneadh C(2020) 4489 final ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 maidir le Státchabhair SA.56125 (2020/N) – An tSualainn – Síneadh agus leasú ar scéim SA.49893 (2018/N) – Díolúine chánach le haghaidh bithghás agus bithphrópán neamhbhia le haghaidh táirgeadh teasa agus, ar an dara dul síos, Cinneadh C(2020) 4487 final ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 maidir le Státchabhair SA.56908 (2020/N) – An tSualainn – Síneadh agus leasú na scéime le haghaidh bithghás lena húsáid mar bhreosla sa tSualainn.